Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 23

# An tÚdarás Clárúcháin Maoine

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 23 ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 ar Thuarastail agus Chostais an tÚdarás Clárúcháin Maoine.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2015, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí i gcabhair.

Dlitear barrachas €1.51 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ráiteas faoi shócmhainní caipitil – dhímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas ar bhonn líne dírí thar a dtréimhse mheasta úsáideachta ag tosú an mhí a thosaigh sa tseirbhís.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Údarás.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Príomhfheidhmeannach den Údarás. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúil do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Údarás.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an tÚdarás go ndírítear aird iomchuí ar an dea-chleachtas um cheannach agus go mbíonn nósanna imeachta ann chun comhlíonadh le gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chloígh an tÚdarás leis na treoirlínte cé is moite de 7 gconradh de luach €3.6 milliún a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002. Baineann conradh amháin de luach €3 milliún as an méid sin le híocaíochtaí chuig Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, an ghníomhaireacht léarscáilithe náisiúnta. Baineann trí chonradh de luach €370,000 as an bhfuílleach le seirbhísí nach bhfuil ar fáil ach ó fhoinse amháin, agus baineann trí chonradh breise de luach €228,000 le síneadh na gconarthaí reatha.

***Seirbhísí Roinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse idir an Oifig seo agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais d'fhoráil Seirbhísí Roinnte Airgeadais. Braithim ar litir urrúis ón Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais go gcleachtar na rialuithe cuí i bhforáil sheirbhísí roinnte don Oifig seo.

Braithim ar litir urrúis ón Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtar na rialuithe cuí i bhforáil sheirbhísí roinnte don Roinn.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Údarás le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair an Údaráis i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Frank Treacy**
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

31 Márta 2016

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa tÚdarás agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an tÚdarás Clárúcháin Maoine Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

4 Iúil 2016

# Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine
# Cuntas Leithreasa 2015

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachan** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| | **Caiteachas cláir** | | | |
| A | Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú | 31,287 | 29,924 | 29,923 |
| | **Olliomlán** | **31,287** | **29,924** | **29,923** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **976** | **1,125** | **1,177** |
| | **Glaniomlán** | **30,311** | **28,799** | **28,746** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr don ghéilliúint | 1,511,824 | 1,361,979 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachan** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 23,973 | 23,133 | 23,082 |
| ii | Taisteal agus cothú | 110 | 117 | 106 |
| iii | Costais oiliúna agus forbartha agus teagmhasacha | 4,100 | 3,956 | 4,079 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 800 | 668 | 654 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 1,817 | 1,509 | 1,508 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 462 | 531 | 469 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus polasaí athbhreithnithe luach ar airgead | 25 | 10 | 25 |
| | | 31,287 | 29,924 | 29,923 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 23,133 | 23,082 |
| Neamhphá | | 6,791 | 6,841 |
| **Ollchaiteachas** | | **29,924** | **29,923** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,125** | **1,177** |
| **Glaniomlán** | | **28,799** | **28,746** |
| **Athruithe I sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (494) | | |
| Dímheas | 542 | | |
| Caillteanas as diúscairtí | 3 | | |
| | | 51 | 588 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | 77 | | |
| Laghdú ar stoc | 36 | | |
| | | 113 | 106 |
| **Caiteachas díreach** | | **28,963** | **29,440** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 4,770 | 4,728 |
| Measchíosanna | | 2,732 | 2,637 |
| **Costas glan clár** | | **36,465** | **36,805** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Déantar suas an t-ollchaiteachas do sheirbhísí comhghuaillithe ó na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 23 a sheastar áit eile

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 3,899 | 3,624 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 713 | 788 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | m | 35 | — |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 123 | 316 |
| | | 4,770 | 4,728 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **1,195** | **1,246** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 1,770 | 1,598 |
| Stoic | 2.4 | 221 | 257 |
| Réamhíocaíochtaí | | 538 | 702 |
| Ioncam Fabhraithe | | 32 | — |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 162 | 390 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.7 | — | 456 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,723** | **3,403** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 129 | 184 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 1,841 | 2,444 |
| Glanchistiú dlite don Státchiste | 2.7 | 91 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,061** | **2,628** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 662 | 775 |
| **Glansócmhainní** | | **1,857** | **2,021** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **1,857** | **2,021** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 2,021 | 2,715 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 30,311 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | 1,512 | | |
| Vóta glan | | | 28,799 | 28,746 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 4,770 | 4,728 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 2,732 | 2,637 |
| Costas glan clár | 1 | | (36,465) | (36,805) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,857** | **2,021** |

**2.2 Ráiteas faoi shocmhainní caipital**

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2015 | 35,465 | 3,640 | 39,105 |
| Breiseanna | 435 | 59 | 494 |
| Diúscairtí | (296) | (32) | (328) |
| Díscríobh costas bogearraí | (992) | — | (992) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2015 | 34,612 | 3,667 | 38,279 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2015 | 34,410 | 3,449 | 37,859 |
| Dímheas don bhliain | 494 | 48 | 542 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (295) | (30) | (325) |
| Dímheas ar chostais bhogearraí díscríofa | (992) | — | (992) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2015 | 33,617 | 3,467 | 37,084 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **995** | **200** | **1,195** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **1,055** | **191** | **1,246** |

| **2.3 Banc agus airgead tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 682 | (353) |
| Cuntais bhainc thráchtála | 1,088 | 1,951 |
| | 1,770 | 1,598 |

| **2.4 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 121 | 140 |
| Soláthairtí Ilghnéitheacha | 18 | 16 |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 82 | 101 |
| | 221 | 257 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 96 | 355 |
| Fionraí | 39 | 35 |
| Réamhíocaíochtaí don OPW | 27 | — |
| | 162 | 390 |

**a) Díscríobh Fiach agus Forálacha**

Níor díscríobhadh drochfhiacha ar bith sa bhliain 2015.

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 414 | 305 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 2 | 1 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 177 | 137 |
| Cáin Bhreisluacha | 30 | 24 |
| Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste | 1,088 | 1,860 |
| | 1,711 | 2,327 |
| Déaduchuithe párolla ar fionraí | 130 | 85 |
| Dlite don OOP | — | 32 |
| | 1,841 | 2,444 |

| **2.7 An glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,512 | 1,362 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,421) | (1,818) |
| Net funding due to Exchequer | 91 | (456) |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,770 | 1,598 |
| Iarmhéideanna dochair | 162 | 390 |
| | 1,932 | 1,988 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,711) | (2,327) |
| Iarmhéideanna creidmheasa | (130) | (117) |
| | (1,841) | (2,444) |
| | 91 | (456) |

| **2.8 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas is infheidhmithe le dlí | 212 | 266 |

Chuaigh an tÚdarás i mbun comhaontaithe sa bhliain 2012 le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, an ghníomhaireacht léarscáilithe náisiúnta, mar an t-aon soláthróir do sholáthar sonraí léarscáilithe. Thug an tÚdarás íocaíochtaí faoin gcomhaontú de €3.4 milliún sa bhliain 2012 agus €3 milliún sna blianta 2013 agus 2014 araon. Is i gcomhthéacs an chumaisc atá ar na bacáin idir an dá eagras agus an Oifig Luachála (Nóta 6.4), a athnuafar an conradh ar bhonn bliantúil ar feitheamh chríochnú an chumaisc. Ní éiríonn aon tiomantas conarthach ilbhliantúil don tseirbhís seo mar thoradh air sin ag deireadh mhí na Nollag 2015.

**2.9 Dliteanais Aibithe**

Bhí dliteanais aibithe de luach €5,987 gan ghlanadh ag deireadh na bliana 2015 (2014 Nialas).

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 23,973 | 23,133 | 23,082 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 7,314 | 6,791 | 6,841 |
| | | 31,287 | 29,924 | 29,923 |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €1.5 milliún níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Tharla sin mar gheall ar na rudaí seo a leanas, go príomha:

| Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.1 Tuarastail, pá agus liúntais | 840 | B'ísle an caiteachas ar thuarastail, pá agus liúntais mar thoradh ar leibhéil na foirne bheith go comhsheasmhach faoi leibhéil ECF ar fud na bliana. |
| A.2 Riarachán - neamhphá | 523 | Tháinig laghdú sa chaiteachas ar roinnt fotheideal neamhphá mar thoradh ar ghnóthú éifeachtúlachtaí. Laghdaítear an caiteachas ar phost agus teileachumarsáid mar thoradh ar mhíniú leanúnach na socruithe poist agus teileachumarsáide. Chuaigh cuid den leithdháileadh caiptiú Ina theannta sin, níor baineadh úsáid i 2015 as €0.2 milliún den leithdháileadh TFC. Tá cumas an Údaráis tabhairt faoi thionscadail TFC ag brath ar líon beag de phríomhphearsanra TFC a bheith ar fáil chun tionscadail a chur i bhfeidhm. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí um pinsin as luach saothair seirbhíse phoiblí | 976 | 1,125 | 1,177 |

**Athruithe suntasacha**

| **Fo-theideal** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| B. Leithreasú - i-gCabhair | 149 | Baineann sé sin le tobhach pinsin ar deacair é a réamhthuar. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid oscailte ag 1 Eanair | 1,860 | 907 |
| Táillí Chlárlann na talun | 55,761 | 45,799 |
| Taillí Chlárlann na nGníomhas | 1,520 | 1,206 |
| Taillí Bhunchíosanna | 69 | 59 |
| Trasíoctha chuig an Státchiste | (58,122) | (46,111) |
| Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig | 1,088 | 1,860 |

Léiríonnn an leibhéal méadaithe táillí an ghníomhaíocht mhéadaithe sa mhargadh maoine, go háirithe i ndáil le hidirbhearta díolachán aistrithe. Taisceadh leibhéil mhéadaithe iarratas do chlárúchán mar thoradh air sin le Clárlann na Talún sa bhliain 2015.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana**(comhionann le fostaithe lánaimsire) | 487 | 502 |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 21,527 | 21,628 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 23 | 14 |
| Liúntais eile | 78 | 81 |
| Ragobair | 247 | 124 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,258 | 1,235 |
| **Pá iomlán** | **23,133** | **23,082** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2015 | 2014 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 2 | 1 | 16,538 | 11,002 |
| Liúntais eile | 32 | — | 8,128 | 7,718 |
| Ragobair | 161 | — | 7,457 | 8,908 |
| Roinnt daoine aonair a fuair luach saothair bhreise i ní ba mhó ná catagóir amháin | 11 | 1 | 12,150 | 13,601 |

**5.2 Ró-íocaíochtaí Párolla**

B'ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €235,000 (304 cás) (2014 €178,000, 145 cás) Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm do €128,176 (121 cás) as sin.

# 6 Ilgnéitheacha

### 6.1 Costais Cúitimh

Níor tabhaíodh aon íocaíocht ar éileamh díobhála pearsnata, ná aon chostais dlíthiúla comhghaolmara sa bhliain 2015.

### 6.2 Cúiteamh Alt 120

Ráthaítear gach teideal cláraithe i gClárlann na Talún ag an Stát. Foráiltear le hAlt 120 den Acht um Chlárú Teidil 1964 d'íoc cúitimh le duine éigin a mbaineann caillteanas dóibh trí thuilleamaíocht ar an gClárlann sa chás nárbh é an t-acht féin ba chúis leis an gcaillteanas ná le rannchur suntasach leiis, ná le faillí ná mainneachtain ag an duine féin ná ag a ngníomhaire. Íocadh 27 íocaíocht cúitimh Alt 120 (2014: 23) sa bhliain 2015, a leagtar amach na costais foriomlána díobh thíos.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costais cúitimh Ailt 120 | 94 | 108 |

### 6.3 Dliteanas Teagmhasach

Tá an t-údarás bainteach le roinnt imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh óna bhféadfar dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte é aon mhéid iarbhír ná uainiúchán na ndliteanas féideartha.

### 6.4 Cumasc

Ba mar chuid de Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí a glacadh cinneadh an Rialtais an 31 Deireadh Fómhair 2012 chun an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chumasc. Is amhlaidh mar thoradh air sin a chruthófar eagras nua, ar a dtabharfar Tailte Éireann. Beidh freagracht ag Tailte Éireann as roinnt feidhmeanna tábhachtacha, lena n-áireofar córas clárúcháin mhaoine an Stáit, an bonneagar léarscáilithe agus suirbhéireachta Stáit, an tseirbhís luachála maoine Stáit agus forbairt agus cothabháil na faisnéise geospásúla Stáit.

Teastaíonn reachtaíocht phríomha ó bhunú an aonáin nua. Ba chun na críche sin a d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 22 Eanáir 2015 cinn agus scéim ghinearálta Bhille Tailte Éireann, ina bhforáiltear don chumasc.
Níltear ag dúil go mbeidh tionchar ag an gcumasc ar luach anonn sócmhainní ná dliteanais an Údaráis.